II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1947 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2021

maidir leis an sainmhíniú ar chríoch gheografach na mBallstát chun críocha Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (Rialachán OIN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 91/450/CEE, Euratom ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 109/2005 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (Rialachán OIN) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an sainmhíniú ar chríoch gheografach ar cheann de na saincheisteanna a shainítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147 ([2]) ón gCoimisiún ar an liosta saincheisteanna chun iontaofacht, uileghabhálacht agus inchomparáideacht na sonraí maidir leis an ollioncam náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh ("OIN") a áirithiú, ar sonraí iad a dtabharfar aghaidh orthu i ngach timthriall fíorúcháin.

(2) Chun go mbeidh sonraí maidir le OIN iontaofa, uileghabhálach agus inchomparáide, ní mór an sainmhíniú ar chríoch gheografach na mBallstát a shoiléiriú.

(3) Ba cheart comhiomláin OIN agus a gcomhpháirteanna a bheith inchomparáide ar fud na mBallstát agus ba cheart dóibh sainmhínithe ábhartha agus rialacha cuntasaíochta ábhartha maidir leis an gcóras cuntas Eorpach 2010 ("CCE 2010") a chomhlíonadh ([3]).

([1]) IO L 91, 29.3.2019, lch. 19.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2147 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta saincheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu i ngach timthriall fíorúcháin a shainiú (IO L 428, 18.12.2020, lch. 9).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1).

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 91/450/CEE ón gCoimisiún, Euratom ([4]) agus Rialachán (CE) Uimh. 109/2005 ([5]) ón gCoimisiún a aisghairm,

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/516,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Rialachán (AE) 2019/516, is í an chiall a leagtar amach in Iarscríbhinn A, Caibidil 2, míreanna 2.05 agus 2.06 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 a bheidh ag an téarma "críoch eacnamaíoch", agus tuigfear gurb iad críocha na mBallstát a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo atá i gceist leis an téarma "críoch gheografach" a úsáidtear sna míreanna sin.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh 91/450/CEE, Euratom agus Rialachán (CE) Uimh. 109/2005.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Cinneadh 91/450/CEE, Euratom ón gCoimisiún an 26 Iúil 1991 lena sainmhínítear críoch na mBallstát chun críocha chur chun feidhme Airteagal 1 de Threoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle maidir le tiomsú na holltáirgeachta náisiúnta a chomhchuibhiú ag praghsanna an mhargaidh (IO L 240, 29.8.1991, lch. 36).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 109/2005 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2005 maidir leis an sainmhíniú ar chríoch eacnamaíoch na mBallstát chun críocha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (IO L 21, 25.1.2005, lch. 3).

IARSCRÍBHINN

Críoch na mBallstát:

— críoch Ríocht na Beilge,

— críoch Phoblacht na Bulgáire,

— críoch Phoblacht na Seice,

— críoch Ríocht na Danmhairge, cé is moite d'Oileáin Fharó agus den Ghraonlainn,

— críoch Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine,

— críoch Phoblacht na hEastóine,

— críoch na hÉireann,

— críoch na Poblachta Heilléanaí,

— críoch Ríocht na Spáinne,

— críoch Phoblacht na Fraince, cé is moite de na tíortha agus na críocha ar an gcoigríoch a bhfuil ceannasacht aici orthu, mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— críoch Phoblacht na Cróite,

— críoch Phoblacht na hIodáile,

— críoch Phoblacht na Cipire,

— críoch Phoblacht na Laitvia,

— críoch Phoblacht na Liotuáine,

— críoch Ard-Diúcacht Lucsamburg,

— críoch na hUngáire,

— críoch Phoblacht Mhálta,

— críoch Ríocht na hÍsiltíre, cé is moite de na tíortha agus na críocha ar an gcoigríoch a bhfuil ceannasacht aici orthu, mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— críoch Phoblacht na hOstaire,

— críoch Phoblacht na Polainne,

— críoch Phoblacht na Portaingéile,

— críoch na Rómáine,

— críoch Phoblacht na Slóivéine,

— críoch Phoblacht na Slóvaice,

— críoch Phoblacht na Fionlainne,

— críoch Ríocht na Sualainne.